Tuarascáil Bhliantúil 2006



Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND)

Fís:

Fócas náisiúnta a sholáthar i gcomhair na n-iarrachtaí uile a bhaineann le heolas agus a threoraíonn polasaithe na hÉireann maidir leis an mí-úsáid drugaí.

Misean:

Ghabh an CCND air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú leis an Rialtas chun iarmhairtí na mí-úsáide drugaí, ó thaobh na sláinte, na sochaí agus an gheilleagair, a laghdú go suntasach trí shonraí agus anailís thráthúil ar thaighde a sholáthar;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn a chuid eolais, agus bearnaí, ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thaighde, a shonrú;
- Cinntiú gur fianaise ó thaighde eolaíochta a bheidh ina bhunús le polasaithe a cheapfar, seirbhísí a fhorbrófar agus le feabhas leanúnach ar gach ceann dá chur chuigeanna chun dul i ngleic leis an mí-úsáid drugaí in Éirinn;
- Oibriú go dlúth le Rannán Taighde ar Alcól agus Dhrugaí an Bhoird Taighde Sláinte, ag soláthar comhairle, ag comhordú iarrachtaí taighde agus ag baint an úsáid is mó gur féidir as acmhainní;
- Tacú le hIonad Doiciméadaithe Náisiúnta a chur ar bun;
- Idirchaidreamh a choinneáil ar bun leis na gníomhaireachtaí ábhartha ar bhonn náisiúnta chun taighde agus acmhainní a chomhordú;
- Rannpháirtíocht raon leathan páirtithe a chinntiú ar bhonn náisiúnta lena chuid riachtanas taighde a chomhlíonadh agus torthaí a scaipeadh;
- Freastal ar na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an mí-úsáid drugaí a laghdú agus socruithe á ndéanamh go scaipfear torthaí taighde, faisnéis agus sonraí eile go héifeachtach, rud a nascfaidh taighde leis an gcleachtas.

Luachanna:

Chomhaontaigh an CCND go mbeadh na luachanna seo a leanas ina dtreoir dó agus a chlár saothair á chur i bhfeidhm. Déanfaidh an CCND na nithe seo a leanas:

- Éagsúlacht a bhallraíochta a bhainistiú agus tiomantas a dhéanamh do chur chuige comhthola agus cinntí á ndéanamh;
- Cultúr measa, dínite, trédhearcachta agus cothroime a chothú ina chuid oibríochtaí go léir;
- An t-idirphlé a mholadh mar bhealach chun na dearcaí agus eispéiris éagsúla, ar an mí-úsáid drugaí in Éirinn, a chothromú;
- A bheith oibiachtach agus faisnéis á bailiú agus á scaipeadh, ar aon dul lena thiomantas do Stráitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008;
- Tiomantas a dhéanamh do na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh an tsármhaithis agus na hiompraíochta eiticiúla;
- Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a thóraíocht sa chás gur mó an tairbhe a bheidh ann ó thaobh a sprioc a bhaint amach agus comhoibriú le gach duine a d'fhéadfadh leas a bhaint as bonn a chuid eolais.

Baile Átha Cliath

Arna foilsiú ag Oifig an tSoláthair

Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,

nó trí ordú poist ó Fhoilseacháin Rialtais, Rannóg Post-Tráchta,
4 -5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2,
(Teil: 0 -6476834/35/36/37; Faics: 01-4752760)

PRN A7/2204

ISBN: 978-1-4064-2104-0

€5.00

© Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí 2007

Arna dhearadh ag First Impression

3ú Urlár,
Teach Síol mBrain,
Bóthar Síol mBrain,
Baile Átha Cliath 4

Teil: +353 1 667 0760
+353 1 667 0765
Facs: +353 1 667 0828
Ríomhphost: info@nacd.ie
Idirlíon: www.nacd.ie

NDP
National Development Plan 2007 - 2013

CLÁR

Réamhfhocal 4

Tuairisc an Chathaoirligh 5

Achoimre Feidhme 6

Gluais Téarmaíochta 7

1. Cúlra agus Feidhmeanna an CCND 8

Bunús 8

Feidhmeanna 8

2. Struchtúir, Taighde agus Clár Saothair Inmheánach 9

Struchtúir 9

- An CCND 9
- Fo-choistí 9
- Clár Saothair an CCND agus na bhFochoistí/Cruinnithe 9
- Téarmaí Tagartha 9

Taighde 9

- Taighde Coimisiúnaithe 9
- An Próiseas 9
- Grúpaí Comhairleacha um Thaighde 10
- Comhoibriú 11
- Samplaí den Chomhoibriú 11

Clár Saothair Inmheánach 12

- Taighde a Bhainistiú 12
- Tionscadail Taighde Inmheánacha 15
- Obair Inmheánach Eile 17
- Athruithe ar an bhFoireann in 2006 17
- Scórchárta Ualaithe 18
- Saoráil Faisnéise (FOI) 18

3. Foilseacháin **19**

Achoimre ar Fhoilseacháin Bhuntábhachtacha 19

4. Cumarsáid **20**

Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide 20

Comhairle don Rialtas 21

Suíomh Idirlín an CCND 22

Seimineáir arna n-óstáil ag an gCCND 22

Léirithe do Luchtanna Éisteachta Buntábhachtacha 23

5. Cúrsaí Airgeadais **25**

Taighde - Leithdháiltí Maoiniúcháin 25

Caiteachas an CCND 25

Aguisín 1

Ballraíocht Choiste an CCND ag 31ú Nollaig 2006 26

Aguisín 2

Tábla Bhallraíocht na bhFochoistí ag 31ú Nollaig 2006 28

Aguisín 3

Gníomhaíochtaí arna nÉileamh ar an gCCND faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 30

RÉAMHFHOCAL

Tá ríméad orm fáilte a chur roimh an chéad tuarascáil bhliantúil de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND). Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil athrú i bhformáid ó na tuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn a cuireadh i láthair go n-uige seo.

Tá an taighde ar cheann de chúig cholún na Straitéise Náisiúnta Drugaí 2001 – 2008. Agus taighde á aithint mar cholún ar leithligh, léirítear go soiléir an tábhacht a leagann an Rialtas ar shonraí agus ar fhaisnéis deachaighdeáin a bheith ann chun éascú le polasaithe a cheapadh bunaithe ar fhianaise sa réimse deacair casta seo.

Comhlíonann an CCND an ról an-tábhachtach ó thaobh comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn. Tá an-áthas orm aitheantas a thabhairt don mhéid a thug an CCND don phróiseas ceaptha polasaithe in 2006, ar sampla de sin a Pháipéar Faisnéisiúcháin maidir le Cóicín, a ullmhaíodh in éineacht le Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí, a cuireadh i láthair an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Dhrugaí (GIR) i mí Mheáin Fhómhair 2006. Dhoimhnigh sé sin ár dtuisint ar fhadhb an chóicín inár sochaí agus forbraíodh moltaí fiúntacha ann a bhfuiltear ag leanúint anois leo.

Is mian liom comhghairdeas a ghabháil leis an gCoiste, agus go háirithe lena Chathaoirleach, Dr Des Corrigan, agus lena Stiúrthóir, Máiréad Lyons, as an mbealach éifeachtúil gairmiúil ina ndearna siad a gcuid oibre go dtí seo. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tiomantas atá taispeáinte ag baill an CCND as measc na n-earnálacha éagsúla freisin. Is de thoradh a chórais, lena mbíonn bonn leathan faoina choistí, a thagann rath an CCND den chuid is mó agus is saibhre go mór an corpas oibre a táirgeadh go dtí seo de thoradh ionchur agus shaineolas na n-earnálacha a bhfuil ionadaíocht acu ar na fochoistí éagsúla. Is mór an meas atá ar ionchar gach duine a thug cúnamh trí bhallraíocht ar, nó idirghníomhaíocht le, fochoistí éagsúla an CCND, chomh maith leis an bpearsanra taighde agus riaracháin.

Guím gach beannacht ar an gCCND amach anseo agus táim ag súil go mór le torthaí na staidéar atá ar siúl faoi láthair a fheiceáil.

Pat Carey TD
Aire Stáit
le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí
Deireadh Fómhair 2007

TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH

Is é mo phribhléid an Tuarascáil Bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí an CCND i gcomhair 2006 a chur i láthair an Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí. Agus sin á dhéanamh, gabhaim buíochas leisean, lena réamhtheachtaí agus lena oifigigh in Aonad Straitéise Drugaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as ucht a dtacaíochta leanúna dár gcuid oibre. Bhí an t-Aire i gcónaí ar fáil dúinn lenár dtuarascálacha a sheoladh agus táimid buíoch de as an aitheantas poiblí sin d'obair an CCND.

Léirítear dian-obair fhoireann an CCND agus bhaill na gCoistí sna Tuarascálacha agus Bullaitíní ardchaighdeáin atá tagtha amach in 2006. Cuimsíonn na foilseacháin seo gach gné dár sainchúram ón Rialtas agus is fianaise iad ar ionchur Rúnaíochta, atá éifeachtúil agus a oibríonn go dian in aineoinn líon beag foirne a bheith acu, in éineacht le saineolas fíorghairmiúil tiomanta bhaill an Choiste. Gabhaim buíochas leo go léir as ucht a ndíograise agus a saineolais agus, thar rud ar bith eile, an t-am a thug siad d'obair an CCND. Is mian liom a bhuíche is a airímid go léir dár Stiúrthóir, Mairéad Lyons, a chur in iúl ach go háirithe. Téann a cuid fuinimh, tiomantais agus dian-oibre i bhfeidhm orainn go léir agus is pribhléid dom an deis a fháil chun oibriú léi.

Is de bharr a stiúrach agus a físe siúd gur éirigh linn an oiread dár gclár saothair a chur i gcrích. Mar a léiríonn an Tuarascáil seo, agus cinn roimpi, tháirg an CCND corpas suntasach oibre ábhartha agus chruthaigh cáil dó féin mar chomhchuid bhuntábhachtach den Straitéis Náisiúnta Drugaí. Reáchtáiltear cuid mhór den mhionobair a dhéantar i dtreo ár bhfoilseachán sna fochoistí agus sna Grúpaí Comhairleacha um Thaighde (GCTeanna), a bhfuil saineolas indibhidiúil bhaill an CCND agus na saineolaithe comhthofa fíorthábhachtach amach is amach laistigh díobh. Tá mo chomhghleacaithe agus mé féin iontach buíoch díobh siúd a comhthoghadh ar fhochoistí agus GCTeanna as ucht a gcomhairle agus a n-ionchuir. Is rí-mhór mar a láidríonn siad ár n-obair.

Tá rún daingean ag mo chomhghleacaithe agus agam féin cur leis na torthaí rathúla a bhí againn le bliain anuas agus leanfaimid ar aghaidh le faisnéis agus comhairle a sholáthar a bheidh tráthúil, ábhartha agus a thabharfaidh fíorchúnamh le spriocanna na Straitéise Náisiúnta Drugaí a bhaint amach.

An Dr Des Corrigan FPSI
Cathaoirleach

ACHOIMRE FEIDHME

Údar iontais i gcónaí dom tiomantas, comhoibriú agus diongbháilteacht bhaill an CCND do sprioc an CCND. Léirítear an tiomantas seo sa mhéid is go dtugann baill 24 lá in aghaidh na bliana ar an meán le clár saothair an CCND a chur i ngníomh agus comhairle don Rialtas a ullmhú. Ní maitheas comhéirim an CCND go cumas an stiúrthóra a eagraíonn agus a spreagann é agus, as sin, is rímhór mo bhuíochas den Dr Des Corrigan as ár bhfócas ar fad a choinneáil ar chúrsaí mar is ceart.

Bhliain dhian ab ea 2006 toisc nach raibh Oifigeach Taighde ag an gCoiste ar feadh beagnach 10 mí sular tháinig Dr Gemma Cox isteach san fhoireann an 31ú Iúil. Lena chois sin, leathnaíodh feidhm an taighde go ndéanfaí níos mó obair go hinmheánach agus chun freastal ar an méadú a bhí ag teacht ar éilimh le comhairle a sholáthar don Rialtas. Thosaigh beirt Taighdeoirí breise mar sin, Dr Justine Horgan agus Dr Teresa Whitaker ag obair ar fhaisnéis, ar úsáid an Chóicín in Éirinn, a thabhairt cothrom le dáta, Tuarascáil deiridh an CCND ar Dhul Chun Cinn a ullmhú, páipéar maidir le Tástáil Drugaí sa Láthair Oibre a scríobh agus staidéir nua a dhearadh lena gcur i ngníomh in 2007.

In aineoinn an easnaimh ó thaobh na feidhme taighde, d'fhoilsigh an CCND 10 dtuarascáil agus d'óstáil ceithre sheimineár taighde, reáchtáil ceithre fhaisnéisiúchán do na meáin chumarsáide agus chuir ábhar i láthair ag 12 ócáid eile ar a laghad d'fhóraim éagsúla. Bhí sé ina údar sásaimh chéad Torthaí *ROSIE*, ón staidéar fadaimseartha ar chóireáil le haghaidh drugaí codlaidíneacha, a fhoilsiú, rud a thaispeáin na torthaí rathúla d'úsáideoirí drugaí atá faoi chóireáil agus an obair iontach atá á déanamh ag an iliomad soláthraí seirbhíse le cabhrú le daoine a n-úsáid drugaí a laghdú. Chruthaigh an Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal gur féidir le gníomhartha idir eagraíochtaí agus laistigh d'eagraíochtaí dul i ngleic le saincheisteanna casta sóisialta le himeacht ama nuair a léirigh sé feabhsuithe maidir le daoine a bheith ag fágáil na scoile go luath, laghduithe ar an dífhostaíocht agus laghduithe ar an gcoireacht, ar fachtóirí iad ar fad a chuireann leis an bhfadhbúsáid drugaí. Tá fianaise dhaingean ag an Lucht Siúil anois go bhfuil siadsan i mbaol fadhbanna drugaí freisin agus caithfear a thuilleadh a dhéanamh le riachtanais an Lucht Siúil a chuimsiú sna seirbhísí a sholáthraítear. Lean úsáid an chóicín le bheith ar an gclár oibre agus bhí ríméad ar an gCCND oibiú go dlúth le FSND le faisnéis a thabhairt le chéile agus le comhairle a sholáthar don Rialtas trí shraith de mholtaí buntábhachtacha.

Ní fhéadfaí cuid ar bith den mhéid thuas a bhaint amach d'uireasa dhiongbháilteacht agus shármhaitheas fhoireann bheag sa CCND, atá fíorthugtha dá n-obair, mar atá: Alan Gaffney, Mary Jane Trimble, Catherine Darmody, Gemma Cox, Teresa Whitaker, agus Justine Horgan. Táim fíorbhuíoch díobh ar fad as pléasúr a dhéanamh de mo phostsa dom.

Mairéad Lyons
Stiúrthóir

GLUAIS TÉARMAÍOCHTA

AFTDA	Aonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól
ARC&C	Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
ASD	Aonad Straitéise Drugaí
BTS	An Bord Taighde Sláinte
CCAAÉ	Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn
CCÉ	Cé na gCeannaithe Éireann
CCND	Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí
CMTD	Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí
FSND	Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GCT	Grúpa Comhairleach um Thaighde
GID	Grúpa Idir-rannach ar Dhrugaí
LCDD	Líonra um Chóireáil Dheonach do Dhrugaí
MTF	Meitheal Taighde agus Faisnéise
ROSIE	*Research Outcome Study in Ireland evaluating drug treatment effectiveness*
SF	Saoráil Faisnéise
TFÁD	Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí
TFRD	Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí
VEID	Víoras Easpa Imdhíonachta Daonna

Caibidil a hAon

CÚLRA AGUS FEIDHMEANNA AN CCND

Is é seo chéad tuarascáil bhliantúil de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND), a léiríonn athrú formáide lena bhfágann gur féidir faisnéis reatha a bheith ar fáil ar an méid a bhain an CCND amach i rith 2006. Foilsíodh dhá thuarascáil ar dhul chun cinn roimhe seo lenar clúdaíodh na tréimhsí Iúil 2000 go dtí Iúil 2003 agus Lúnasa 2003 go dtí Nollaig 2005.

Bunús

Bunaíodh an CCND ar bhonn neamhreachtúil in 2000 i gcomhair tréimhse tosaigh trí bliana ar cuireadh síneadh léi ina dhiaidh sin go dtí ceathrú bliain dar chríoch Iúil 2004. Rinneadh athnuachan ar shainordú an CCND tar éis athbhreithnithe seachtraigh, go dtí deireadh 2008. Tá an CCND faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tuairiscíonn sé don Aire Stáit le freagracht as Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001 – 2008.

Feidhmeanna

Agus é á bhunú, leagadh feidhmeanna an CCND (an Coiste) amach mar seo a leanas:

- Bunaithe ar anailís agus léirmhíniú an Choiste ar thorthaí taighde agus ar fhaisnéis a bhíonn ar fáil dó, comhairle a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta agus, tríd sin, don Rialtas, i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis reatha agus ar inniúlacht taighde i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn agus moltaí a dhéanamh, de réir mar is cuí, maidir le conas gur chóir aghaidh a thabhairt ar easnaimh lena n-áirítear conas an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as faisnéis a bhíonn ar fáil ón earnáil phobail agus dheonach;
- Maoirseacht a dhéanamh ar mar a sheachadfar clár taighde agus meastóireachta, arna eagrú de réir tosaíochtaí, faoi mar a mhol an Coiste Comhairleach, leis na bearnaí agus riachtanais ar tosaíocht iad, arna n-aithint tríd an méid seo a leanas, a chomhlíonadh:
  a) úsáid a bhaint as inniúlacht ghníomhaireachtaí ábhartha a bhíonn i mbun an bhailiúcháin faisnéise agus taighde, idir reachtúil agus neamhreachtúil, le heilimintí an chláir a sheachadadh;
  b) idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí seo d'fhonn na hacmhainní, arna leithdháileadh leis an gclár a sheachadadh, a uasmhéadú agus le dúbailt a sheachaint;
  c) tionscadail taighde a chomhordú agus comhairle a thabhairt ina dtaobh i bhfianaise an chláir a eagraíodh de réir tosaíochta;
  d) tionscadail taighde nach féidir a chomhlíonadh tríd an inniúlacht atá ann cheana féin, a choimisiúnú.
- Taighde breise a choimisiúnú ar iarratas an Rialtais, ar shaincheisteanna ábhartha, maidir le drugaí, a bhaineann le polasaithe;
- Oibriú go dlúth leis an mBord Taighde Sláinte (BTS) le bunachar sonraí náisiúnta faisnéise/taighde a bhunú (i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí) a bheidh sorochtana; agus
- Comhairle a thabhairt do ghníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil sé de shainchúram orthu feasacht níos mó a chur chun cinn i measc an phobail maidir leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil leis an bhfadhbúsáid drugaí agus díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh trína thorthaí taighde a scaipeadh.

STRUCHTÚIR, TAIGHDE AGUS CLÁR SAOTHAIR INMHEÁNACH

Struchtúir

An CCND

Conas a bhaineann an CCND a aidhmeanna amach? Is de thoradh a gcóras, lena mbíonn bonn leathan faoina choistí, atá rath an CCND den chuid is mó. Léiríonn ballraíocht an CCND raon na bpeirspictíochtaí difriúla i réimse na mí-úsáide drugaí. Fónann na baill ar cuireadh an Aire Stáit agus roghnaíodh iad as na hearnálacha reachtúla, pobail, deonacha agus acadúla mar aon le hionadaíocht ardleibhéil ó na Ranna ábhartha Rialtais.

Reáchtáiltear cruinnithe an CCND thart faoi gach sé seachtaine le sos i mí Iúil agus mí Lúnasa. Seacht gcruinniú den CCND a tharla in 2006 san iomlán.

Fo-choistí

Tá sé curtha de chúram ar chúig fho-choiste, a thagann as an bpríomhchoiste (féach aguisín 2), saincheisteanna ábhartha, a bhaineann leis an bhfadhbúsáid drugaí, a scrúdú sna réimsí maidir le leitheadúlacht, cosc, cóireáil/athshlánúchán, iarmhairtí agus luathrabhadh/treochtaí atá ag teacht chun cinn. Chuir na fo-choistí seo ar chumas an CCND aghaidh a thabhairt ar chlár fairsing taighde agus comhairleach. Baineann a gcuid oibre le ceisteanna cuí taighde a dhréachtadh, taighde a choimisiúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-tuarascálacha sula seoltar ar aghaidh go dtí an Coiste iad lena mbreithniú.

Clár Saothair an CCND agus na bhFochoistí/ Cruinnithe

Bíonn ar an gCoiste cuid mhór oibre a dhéanamh leis an gclár saothair a chur i ngníomh. Suíonn gach ball ar cheann amháin de na fochoistí ar a laghad chomh maith le Grúpaí Comhairleacha aonair um Thaighde (GCTeanna). Reáchtáil na fochoistí éagsúla (Iarmhairtí, Cosc, Cóireáil, Leitheadúlacht agus Luathrabhadh/Treochtaí) 15 chruinniú san iomlán in 2006 le cois 20 cruinniú na gGCTeanna a reáchtáladh. Don Stiúrthóir agus do bhaill eile den fhoireann, is ionann an obair leis na cruinnithe seo a sheirbhísiú agus céatadán an-ard dá n-ualach oibre.

Téarmaí Tagartha

Tá téarmaí tagartha le haghaidh gach fo-choiste ar fáil i bhfoilseacháin roimhe seo agus ar shuíomh idirlín an CCND.

Taighde

Le cois an chláir thaighde inmheánaigh, déanann an CCND líon fairsing taighde a choimisiúnú go seachtrach trí phróiseas na dtairiscintí poiblí den chuid is mó. Cuirtear Grúpaí Comhairleacha um Thaighde (GCTeanna) ar bun i gcomhair gach tionscadal taighde. Bítear in ann taighde ar conradh a chur i gcrích le tacaíocht ón iliomad gníomhaireacht lasmuigh den CCND amhail údaráis sláinte áitiúla, Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí, an Garda Síochána, na hospidéil agus grúpaí deonacha/ pobail. Bailíonn na gníomhaireachtaí seo sonraí agus cuireann cuid díobh ar fáil don CCND agus ainmneacha daoine bainte amach.

Taighde Coimisiúnaithe

Tá taighde ar cheann de cheithre cholún bunaidh na Straitéise Náisiúnta Drugaí 2001-2008, rud a léiríonn go soiléir an tábhacht a bhaineann le faisnéis agus fianaise a bheith ar fáil chun a bheith mar bhonn is mar thaca leis an bpróiseas déanta polasaithe sa réimse ilghnéitheach seo. Tar éis an Athbhreithnithe Lárthéarma ar an Straitéis Náisiúnta Drugaí in 2005, tá an Cúigiú Colún ann a chlúdaíonn réimse an Athshlánúcháin, a fhágfaidh go mbeidh tacaíocht taighde ag teastáil ón gCCND. Díríonn clár an taighde choimisiúnaithe ar thionscadail taighde reatha a chur i gcrích, ar a bheith ag tabhairt faoi líon teoranta tionscadal den athuair nó lena leantar ar aghaidh le tionscadail a bhí ann cheana féin, agus ar a bheith ag féachaint ar réimsí ina bhféadfaí staidéir nua a dhéanamh, go háirithe san athshlánúchán agus drugaí agus maidir leis an gcoireacht. Is fearr mar a líontar bearnaí, san eolas agus i bhfaisnéis maidir le cleachtais atá bunaithe ar fhianaise, trí thaighde coimisiúnaithe.

An Próiseas

Is féidir leis an gCCND éascú le faisnéis a bhailiú trína chaidreamh le raon gníomhaireachtaí agus

soláthraithe seirbhíse i réimse na ndrugaí, trí thaighde a choimisiúnú agus trí thaighde inmheánach a dhéanamh é féin.

Tá seacht gcéim sa phróiseas coimisiúnaithe ina ndéanann an CCND: 1) ceist an taighde a chomhaontú, 2) an dearadh/modheolaíocht is oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar an gceist, a chomhaontú, 3) treoir maidir le tairiscint a ullmhú, 4) an t-iarratas ar thairiscintí a eisiúint, 5) an conradh a bhronnadh, 6) cáipéis chuspóirí an tionscadail a chomhaontú, agus 7) aghaidh a thabhairt ar aon choimhlint leasa. Is féidir breathnú ar a thuilleadh mionsonraí ar an bpróiseas seo i dTuarascálacha an CCND roimhe seo ar Dhul Chun Cinn. Agus an taighde curtha i gcrích, cuireann an taighdeoir tús le próiseas le tuarascáil a dhréachtú ina ngníomhaíonn an CCND nó fo-ghrúpa ainmnithe mar léirmheastóirí piaracha le cáilíocht na cáipéise agus na dtorthaí a chinntiú. Breithnítear an méid seo a leanas sa mheasúnacht seo ar cháilíocht:

- An gcuirtear na sonraí i láthair i gceart;
- An bhfuil aon earráidí i dtáblaí na sonraí;
- An bhfuil bonn na hanailíse ceart ó thaobh cúrsaí cainníochtúla nó cáilíochtúla;
- Céard iad na toimhdí atá i réim agus atá ag treorú na hanailíse;
- Cé chomh maith is a chuirtear síos ar an modheolaíocht, an bhfuil teorainneacha, fadhbanna san áireamh ann agus conas a tugadh aghaidh orthu seo i rith an staidéir nó i gcéim na hanailíse;
- An bhfuil plean na hanailíse soiléir;
- An bhfuil próiseas bailíochtúcháin i bhfeidhm;
- An bhfuil tuairim an údair i láthair, a théann amach ón bhfianaise;
- An bhfuil an stíl teanga a úsáidtear oiriúnach;
- An dtagann an fhianaise leis na conclúidí;
- An luíonn na moltaí le ciall agus an dtacaíonn an fhianaise leo.

Cuirtear dréacht-tuarascáil deiridh faoi bhráid an CCND ansin agus breithníonn agus pléann an CCND í thar tréimhse ama. Athróidh an fráma ama seo de réir mhéid na hoibre nó go deimhin de réir chastacht na saincheiste.

Comhaontaíonn an CCND moltaí don Rialtas ansin agus, leis sin, tionscnaítear próiseas foilsiúcháin. Ní fhoilsítear gach tuarascáil agus socraítear cé acu a fhoilseofar de réir go leor fachtóirí: an soláthraíonn an tuarascáil aon fhaisnéis nua, cibé an bhfuil sé dírech le haghaidh plé inmheánach faoi phleanáil a threorú nó an bhfuil an taighde lag nó fabhtach sa mhodheolaíocht nó san anailís. Is mian leis an gCCND an oiread foilseachán agus is féidir a bhaint amach de thoradh taighde arna choimisiúnú aige agus an taighde sin a scaipeadh ar a phríomhpháirtithe leasmhara sa Rialtas agus sa phobal. Téann an CCND i mbun iarrachtaí fairsinge le torthaí óna thaighde a scaipeadh trí phreasráitis do na meáin chumarsáide, sheimineáir faisnéisiúcháin, chomhdhálacha, agus iad a dháileadh ar an bpost.

Grúpaí Comhairleacha um Thaighde

Is é príomhról na nGrúpaí Comhairleacha um Thaighde (GCTeanna) ná tionscadail taighde a threorú agus a bhainistiú ón uair a cheaptar an smaoineamh go dtí go gcuirtear an taighde i gcrích. Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sna téarmaí tagartha:

1. Monatóireacht a dhéanamh ar an taighde agus tacú leis trí gach céim a fhorbartha;
2. Cáipéis chuspóirí an tionscadail a chomhaontú;
3. Eolas a thabhairt don phróiseas taighde agus forbairt nó breisiú/athruithe ar an dearadh a chomhaontú;
4. Comhairle phraiticiúil a sholáthar sa chás go dtagann deacrachtaí chun cinn i rith chéimeanna éagsúla an taighde;
5. Cinntiú go bhfaighfear faomhadh eiticiúil sa chás gur gá ón gcoiste ábhartha um eitic taighde;
6. Polasaí an CCND maidir le foilsiú agus cóipcheart a chomhlíonadh de réir mar a luaitear i gconarthaí an CCND é;

7. Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtaí tuarascálacha ar dhul chun cinn agus tuarascálacha deiridh agus aiseolas a sholáthar sa chás gur cuí maidir le riachtanais an CCND ó thaobh ábhair le breithniú agus le foilsiú;
8. Tuairisciú don CCND agus don fho-choiste cuí maidir le dul chun cinn tionscadal taighde;
9. Dréacht deiridh na tuarascála a bheidh le cur faoi bhráid an CCND lena fhaomhadh a ghlanadh agus moltaí a bheidh le déanamh don Rialtas a chomhaontú.

Bhí 20 gcruinniú de na GCTeanna éasgúla ann i rith 2006.

Comhoibriú

Tá an CCND tiomanta don chomhoibiú mar bhealach oibre a dhéanann an bonn d'fhormhór a ghníomhaíochtaí. Láidríonn sé cáilíocht an taighde agus éascaíonn sé le heolas, faisnéis agus smaointe a roinnt. Thaispeáin taithí go dtí seo go gcothaíonn an bealach oibre seo muinín agus spreagann daoine le cúnamh a thabhairt. Téann na sochair a bhaineann leis i bhfad amach thar an gCCND féin. Déantar Grúpaí Comhairleacha um Thaighde (GCTeanna) a thionól chun monatóireacht a dhéanamh ar thaighde agus le bheith ina meantóirí don taighde sin araon. Bíonn siad comhdhéanta de bhaill an CCND ach bíonn comhairleoirí/saineolaithe seachtracha ó ghníomhaireachtaí nó earnálacha eile san áireamh leo, rud a chumasaíonn an comhoibriú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail taighde.

Samplaí den Chomhoibriú

An Suirbhé Náisiúnta ar Leitheadúlacht Drugaí: sampla atá ann den chomhoibriú le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann san Aonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól (AFTDA) ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Bíonn comhchruinnithe agus comhchinnteoireacht riachtanach dó seo ag céimeanna éagsúla sa phróiseas leis an suirbhé a choimisiúniú agus a chur i ngníomh. *Ipsos MORI* a dhéanann an obair allamuigh in Éirinn agus an tAonad Lárnach Suirbhéanna a dhéanann an obair sin i dTuaisceart Éireann. Thosaigh an comhoibriú seo in 2002 ar dtús agus táthar ag súil go leanfaidh sé ar aghaidh i bhfad amach anseo. Chuir sé ar chumas an dá eagraíocht saineolas a roinnt, acmhainní a chomhchruinniú agus chabhraigh leis na heagraíochtaí foghlaim maidir le conas suirbhéanna, den mhéid agus den sórt seo ar an daonra, a bhainistiú. Lena chois sin, tugann an GCT, a thacaíonn leis an suirbhé seo, saineolas na gcuideachtaí oibre allamuigh le chéile le saineolas an Bhoird Taighde Sláinte (BTS), na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an CCND, a bhfuil de chomhsprioc acu go léir na sonraí is fearr ar leitheadúlacht drugaí sa daonra a tháirgeadh de réir na gcaighdeán is airde is féidir, ar aon dul le treoirlínte an AE.

Staidéar Taiscéalaíoch ar an Úsáid Drugaí i measc an Lucht Siúil: cuireadh seo i ngníomh agus an cur chuige comhoibre á úsáid. Tugadh cuireadh do raon eagraíochtaí a oibríonn leis an Lucht Siúil páirt a ghlacadh sa GCT ón tús agus rinneadh an staidéar a chomhdhearadh, a chomhchoimisiúnú agus a chomhbhainistiú. Bhí saineolas ghrúpaí an Lucht Siúil ag teastáil ón gCCND chun an staidéar a dhearadh agus, an ghné ba thábhachtaí, le cabhrú leis na hoibrithe allamuigh teacht ar phobal an Lucht Siúil agus rannpháirtíocht a fháil as a measc. Réitíodh aon bhacanna go héasca agus go gasta trína bplé ar an ríomhphost nó ar an bhfón. Thug an GCT an-chúnamh go háirithe le céim na hanailíse ar shonraí, ag soláthar litríochta breise roimh an gcéim fhoilsiúcháin chomh maith le léargais ionas go mbeifí in ann grinnanailís a dhéanamh ar na sonraí.

Tháinig a thuilleadh sochar don CCND de bharr an staidéar a chur i gcrích agus a thorthaí a fhoilsiú sa mhéid is gur chomhordaigh eagraíochtaí an Lucht Siúil sraith sheimineár timpeall na tíre chun na torthaí a roinnt le grúpaí an Lucht Siúil agus le gníomhaireachtaí ábhartha, ar ghlac an CCND páirt iontu. Tá áthas ar eagraíochtaí an Lucht Siúil sárstaidéar a bheith acu le forbairt seirbhísí agus pleanáil acmhainní a bhunú air.

An Feachtas Naisiúnta Feasachta ar Dhrugaí: bunaíodh seo faoi Ghníomh 38 den Straitéis Náisiúnta Drugaí agus thoiligh an CCND tionscadal taighde a choimisiúnú chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an fheachtais in imeacht thréimhse trí bliana a shaoil. Bhí an mheastóireacht seo leis an bpróiseas a scrúdú ach go háirithe agus eilimintí nó comhchodanna den fheachtas ab éifeachtaí a aithint. Bhí comhoibriú leanúnach leis an Aonad um Chothú Sláinte den Roinn Sláinte agus

Leanaí leis an Advertising Agency a fostaíodh chun an feachtas a reáchtáil agus leis an nGrúpa Stiúrtha ag déanamh maoirseachta ar mar a cuireadh an feachtas chun feidhme de réir a chéile riachtanach don taighde seo. Fuarthas an chéad tuarascáil chríochnúil in 2006 maidir leis an bpróiseas trí bliana agus bhí an deis ag gach páirtí leis na luathdhréachtaí a scrúdú agus a dtuairimí a thabhairt futhu. Tá an próiseas seo ar siúl go leanúnach agus táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil in 2007.

Éascaíonn an Oifig Ghnóthaí Baile sa Ríocht Aontaithe le Meitheal Fhaisnéise agus Taighde na Ríochta Aontaithe (*RIWG*). Glacann Éire páirt ann ar cuireadh chun eolas a roinnt agus smaointe a mhalartú. Is é a aidhm ná comhoibriú i leith taighde agus deachleachtais a chur chun cinn nuair atáthar i mbun taighde ar dhrugaí a fhorbairt agus monatóireachta ar fhaisnéis sa RA (lena n-áirítear an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann) agus i bPoblacht na hÉireann. Téann na comhráite seo chun sochair go díreach don bhealach a fhorbrófar deachleachtais anseo. Reáchtáiltear cruinnithe na Meithle seo gach ráithe. De thoradh rannpháirtíocht an CCND sa mheitheal seo, forbraíodh líonraí luachmhara, rud a bhreisigh a chuid oibre go mór.

Clár Saothair Inmheánach

Taighde a Bhainistiú

Soláthraíonn an fhoireann lárnach ag an gCCND tacaíocht don Choiste agus dá fhochoistí. Bainistíonn siad an próiseas le tionscadail taighde a choimisiúnú, a chur i ngníomh agus a chur i gcrích agus feidhmíonn ar son an CCND ag fóraim éagsúla. Bhí seacht dtionscadal ar siúl ag an gCCND in 2006 le conraitheoirí seachtracha agus tá siad seo liostaithe thíos:

Staidéar Náisiúnta ar Leitheadúlacht Drugaí 2006/2007: Choimisiúnaigh an CCND ath-reáchtáil Suirbhé 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí chun fairsinge agus patrún na húsáide drugaí sa daonra ginearálta ar oileán na hÉireann a thomhas. Comhthionscadal le hAonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól Thuaisceart Éireann (AFTDA) ag an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí is ea é seo. Bronnadh an tairiscint ar *Ipsos MORI* agus cuireadh tús le hobair allamuigh i mí Mheáin Fhómhair 2006.

Nithe a bhí i gceist le hobair ar an suirbhé seo ná: an próiseas tairisceana a bhainistiú agus an conradh a bhronnadh. Forbraíodh uirlis CAPI mar chuid de fosta chomh maith leis an tástáil phiolótach a phleanáil. Cabhraíodh leis na faisnéisiúcháin do na hagallóirí agus rinneadh grinnmhonatóireacht ar dhul chun cinn na hoibre allamuigh.

Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn Lena Meastar Éifeachtacht na Cóireála Drugaí (ROSIE): Choimisiúnaigh an CCND Staidéar *ROSIE* agus Gníomh 99 den Straitéis Náisiúnta Drugaí á chomhlíonadh aige agus Dr Catherine Comiskey, Príomh-imscrudaitheoir ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, a reáchtáil an staidéar. D'earcaigh taighdeoirí 404 úsáideoir codlaidíneach nuair a chuireadar tús lena gcóireáil le haghaidh drugaí codlaidíneacha (idir Meán Fómhair 2003 agus Iúil 2004) agus leanadar le himeacht ama iad. Rinneadh agallaimh nuair a thosaigh an t-úsáideoir codlaidíneach lena c(h)óireáil le haghaidh drugaí, tar éis sé mhí agus tar éis dhá mhí déag. Thaispeáin na torthaí gur bhain rannpháirtithe laghduithe suntasacha amach ar an úsáid drugaí agus ar an rannpháirtíocht sa choireacht tar éis bliain amháin den chóireáil. Bhí an ráta báis íseal agus bhí líon na ndaoine a chuir cóireáil i gcrích tar éis bliain amháin ag teacht leis an taithí idirnáisiúnta. Bunaithe ar na réamhthorthaí a cuireadh i láthair an CCND i mí na Nollag 2005, thoiligh sé maoiniúchán a thabhairt go leanfaí ar aghaidh leis an staidéar chun torthaí a scrúdú ag an tráth a thiocfar suas le rannpháirtithe tar éis trí bliana. Bhain tábhacht ar leith leis seo chun a thuiscint an féidir le daoine a bhfeabhsuithe a choinneáil ar bun tar éis cóireála drugaí, nó torthaí níos fearr a bhaint amach. Tiocfaidh deireadh leis an gcéim seo i mí na Nollag 2007. Bhí líon na ndaoine a rabhthas in ann teacht suas leo ag deireadh mhí na Nollag 2006 ar fheabhas, ag leanúint ar aghaidh le ráta ard an 75%.

D'fhoilsigh staidéar *ROSIE* a chéad torthaí i mí Mheáin Fhómhair 2006. Lean obair ar an tionscadal seo ar aghaidh, a raibh na nithe seo a leanas i gceist

leis: athbhreithniú a dhéanamh ar mar a ullmhaítear tuarascáil bhonnlíne le táblaí mionsonraithe, Torthaí *ROSIE 1* a ullmhú (eagarthóireacht, profléitheoireacht, iad a fhaomhadh agus a eisiúint), preasráitis do na meáin chumarsáide a chomhordú agus a scaipeadh; seimineár a eagrú, monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn le hagallaimh trí bhliana, cruinnithe GCT a thionól agus foilseacháin amach anseo a phleanáil.

Déanfar agus foilseofar a thuilleadh anailíse ar na sonraí de réir modúlachta go luath in 2007.

Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal: Nithe a bhí i gceist leis seo ná: tuarascáil deiridh don Rialtas a ullmhú, trí Chás-Staidéar bhreise a ullmhú lena bhfoilsiú agus a scaipeadh, agus comhdháil a eagrú mar thoradh air chun na torthaí a bhreithniú agus machnamh a dhéanamh orthu in éineacht le gníomhaíochtaí ó thaobh na meán cumarsáide. Soláthraíonn an tuarascáil deiridh "Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal: Táscairí Pobail a Fhorbairt maidir le hÚsáid Fhadbach Drugaí" fianaise ar thionchar agus ar éifeachtacht pholasaí an Rialtais ar dhrugaí ó 1996 i leith. Tá ag éirí le go leor de na tionscnaimh mhaoinithe, rud a léirítear le feabhsuithe suntasacha ar líon na ndaoine a fhágann an scoil go luath, ar an dífhostaíocht agus ar na seirbhísí a sholáthraítear. Bhí laghdú ann fosta ar roinnt cineálacha coireanna. Chuir pobail buairimh in iúl maidir le hathruithe ar phatrúin mhí-úsáide drugaí, ó thaobh an ólacháin faoi aois ach go háirithe chomh maith leis an úsáid ildrugaí agus an úsáid alcóil agus chóicín in éineacht agus a hiarmhairtí do phobail áitiúla.

Léiríonn na torthaí seo an gá le hoibriú níos dlúithe idir na Straitéisí Alcóil agus Drugaí. Is dóigh go n-imreoidh an laghdú ar leibhéil rannpháirtíochta i gcúrsaí pobail tionchar diúltach ar thionscnaimh áitiúla agus ar an toilteanas le réitigh a aimsiú as foinsí laistigh de phobail. Atreisíonn an staidéar an gá le bheith ag leanúint ar aghaidh le hobair le pobail áitiúla i gcomhpháirtíocht chun feabhsuithe fadtéarmacha inbhuanaithe a bhaint amach. Molann an CCND, mar chéad chéim, go bhforbrófar Táscairí maidir le Drugaí sa Phobal, lena n-aithneofar fadhbanna maidir le drugaí i bpobail, rud a éascóidh le hacmhainní a leithdháileadh níos luaithe chun seirbhísí náisiúnta agus áitiúla a phleanáil agus a sheachadadh.

Staidéar ar an úsáid drugaí i measc an Lucht Siúil: Dhírigh obair in 2006 ar aird an Rialtais, phríomhpháirtithe leasmhara agus an Lucht Siúil a tharraingt ar an bhfoilseachán. Ullmhaíodh an tuarascáil le haghaidh a foilsithe dá thoradh seo agus óstáladh faisnéisiúchán do na meáin chumarsáide agus táirgeadh DVD chun cabhrú leis na príomhthorthaí a chur in iúl ar bhealach díreach sothuigthe. Thaispeáin torthaí ón staidéar nach bhfuil an úsáid drugaí i measc an Lucht Siúil éagosúil le húsáid drugaí an phobail socraithe: is é an t-alcól an druga is minice a roghnaítear agus tá an cannabas ar an druga mídhleathach is coitianta a mbaintear úsáid as. Baintear úsáid agus mí-úsáid go coitianta as támhacháin, suaimhneasáin agus frith-dhúlagráin. Tá taithí na húsáide drugaí lena mbaineann níos mó fadhbanna, amhail úsáid hearóine, dulta don Lucht Siúil freisin. D'airigh an Lucht Siúil go raibh cóicín á úsáid agus fás ag teacht ar an tóir air le déanaí freisin.

Thug na moltaí leideanna maidir le haghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanais an Lucht Siúil, is é sin, go n-aithneofar iad, agus ar an gcaoi sin, gur chóir go mbeadh Eitneachas ina ghné de gach próiseas bailithe sonraí agus coinneála taifead i seirbhísí. Ba chóir go gcuirfí gach polasaí agus straitéis Rialtais faoi phromhadh ó thaobh comhionannais ionas gur féidir riachtanais an Lucht Siúil a chinntiú. Tá oideachas agus feasacht a bhaineann leis an Lucht Siúil go sonrach ag teastáil lena n-áirítear an cur chuige ó thaobh pobal a fhorbairt. Ba chóir go soláthródh seirbhísí oiliúint san éagsúlacht do gach ball foirne ionas gur féidir le seirbhísí a sholáthrófar a bheith níos oiriúnaí dá gcultúr. Ar deireadh, ba chóir an Lucht Siúil a bheith curtha san áireamh i gcomhphlé faoina riachtanais, faoi chineál na n-athruithe ar sheirbhísí a d'fhágfadh go nglacfadh níos mó daoine leo agus ba chóir go mbeadh ionadaíocht acu ar choistí a bhaineann lena riachtanais.

Meastóireacht ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí: Choimisiúnaigh an CCND staidéar taighde in 2003 le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh,

chun teacht suas le dul chun cinn an Fheachtais Fheasachta Náisiúnta ar Dhrugaí (2003-2005) agus le meastóireacht a dhéanamh ar mar a forbraíodh agus a seachadadh é. Ba é aidhm an fheachtais seo ná feasacht a mhéadú i measc an daonra ghinearálta faoin bhfadhbúsáid drugaí agus a hiarmhairtí trasna na sochaí trí athrú intomhaiste a bhaint amach ar eolas agus ar dhearcaí na ngrúpaí ar díríodh orthu. Rinne na Taighdeoirí 94 agallamh le príomhpháirtithe leasmhara i gcaitheamh thréimhse an fheachtais, rinne athbhreithniú ar litríocht idirnáisiúnta agus athbhreithniú ar fhaisnéis mhionsonraithe a sholáthair an Advertising Agency an tAonad um Chothú Sláinte agus dreamanna eile. Atreisíonn réamhchonclúidí na torthaí ó thuarascáil an CCND níos luaithe in 2001 *Ag Teacht Roimh Úsáid Drugaí - Forléargas ar Thaighde* le Dr Mark Morgan, inar dúradh gur féidir le Feachtais Fheasachta Náisiúnta ar Dhrugaí a bheith éifeachtach nuair a bhíonn siad ina gcuid de chur chuige cuimsitheach, bunaithe ar an bpobal, i leith a bheith ag teacht roimh dhrugaí. Foilseofar tuarascáil deiridh in 2007.

Scéim Dheontais Taighde don Earnail Phobail agus Dheonach: Choimisiúnaigh an CCND meastóireacht ar an scéim dheontais in 2004 ar thug Kate Ennals, Uas., faoi agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an CCND in 2006. Ba é cuspóir na scéime deontais seo ná cabhrú leis an gCCND tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann le drugaí i bpobail. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé cumas na hearnála pobail agus deonaí le dul i mbun taighde, a bhreisiú, agus dá bharr sin, a gcumas chun tionchar a imirt ar pholasaithe agus ar mar a phleanáiltear seirbhísí, a threisiú. Maoiníodh cúig thionscadal taighde agus cuireadh ceithre cinn i gcrích.

Mhol na moltaí lárnacha ón meastóireacht gur chóir an scéim a reáchtáil ar bhonn débhliantúil; gur chóir go mbeadh naisc níos dírí idir an scéim agus próisis FSND agus gur chóir go mbreathnódh an CCND níos grinne ar thorthaí. Tugadh eolas don CCND maidir le saincheisteanna buntábhachtacha a gcaithfí aghaidh a thabhairt orthu sa chás go reáchtáilfí an scéim arís amhail: conas a nascann sé le clár an CCND agus conas a bhainistítear é, soláthar tacaíochta taighde don scéim gan an iomarca d'ualach a chur ar acmhainní beaga teicniúla an CCND; scrúdú ar an gcumas le nascadh le struchtúir áitiúla chun grúpaí comhairleacha um thaighde a dhéanamh agus cuimhneamh ar an ngá le comhoibriú le heagraíocht eile chun an t-ualach riaracháin ar an gCCND a íoslaghdú.

Tháinig an CCND ar an gconclúid nach raibh sé de chumas aige scéim dheontais taighde eile a reáchtáil don earnáil phobail agus dheonach. Agus an cinneadh seo á dhéanamh, bhreithnigh an CCND líon na dtionscadal taighde atá á maoiniú in 2006 agus a bheidh le maoiniú, b'fhéidir, in 2007 trí phróiseas FSND agus TFÁ/RDaí. Chomhaontaigh an CCND gurb é an úsáid is fearr a d'fhéadfaí a bhaint as a acmhainní ná tacú leis na Tascfhórsaí ar Dhrugaí agus le FSND leis na tionscadail taighde seo a fhorbairt agus a bhainistiú. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil níos mó deiseanna le haghaidh taighde ag pobail anois ná mar a bhí nuair a tionscnaíodh an scéim.

Taithí Teaghlach agus iad ag lorg tacaíochta agus aghaidh á tabhairt acu arúsáid hearóine: An Dr Carmel Duggan a rinne an staidéar lenar baineadh úsáid as modheolaíocht cháilíochtúil agus lenar cuireadh agallamh ar 30 teaghlach le cois agallamh le duine eile den teaghlach i seacht gcás. Mná ab ea fiche duine den 37 agallaí. Thángthas ar na teaghlaigh trí ghrúpaí tacaíochta teaghlaigh i ngach limistéar chomh maith le seirbhísí reachtúla i limistéar amháin. Rinneadh an obair allamuigh idir Lúnasa agus Samhain 2005. Bhí aghaidh á tabhairt ag go leor de na teaghlaigh ar úsáid hearóine sa teaghlach le roinnt mhaith blianta, ach is le déanaí a bhí taithí ag teaghlaigh eile air.

- Thosaigh fadhb dheich dteaghlach breis is 15 bliana ó shin
- Thosaigh fadhb cheithre theaghlach 10-15 bliana ó shin
- Thosaigh fadhb shé theaghlach 5-10 bliana ó shin
- Thosaigh fadhb dheich dteaghlach le 5 bliana anuas

Roghnaíodh trí limistéar chun faisnéis a sholáthar faoin scéal mar atá i limistéir uirbeacha, na bhfobhailte agus na tuaithe. Limistéar lár chathair

Bhaile Átha Cliath a bhí i gceist leis an limstéar uirbeach, a chlúdaigh trí chomharsanacht a raibh úsáid na hearóine comhchruinnithe ann le fada. Chlúdaigh an limistéar fobhaile roinnt comharsanachtaí ar imeall Bhaile Átha Cliath a thrasnaigh dhá chontae mar a bhfuil úsáid na hearóine forleathan agus ag tarlú le fada an lá. Bhí roinnt bailte móra faoin tuath san áireamh sa tríú limistéar chomh maith lena gcúlchríocha tuaithe agus leath-tuaithe nach raibh leibhéil shuntasacha den fhadhbúsáid drugaí ag dul dóibh ach le déanaí.

Tháinig an staidéar seo gar dá chríoch in 2006. Cuireadh dréachtaí tosaigh de thorthaí i láthair an GCT agus ullmhaíodh tuarascáil deiridh don CCND. Comhaontaíodh moltaí agus tosaíodh ar an bpleanáil lena foilsiú go luath in 2007. In ainneoin a fhorleithne is a bhí an taighde, ba chuid suntais é a mhéid is a bhí na torthaí ag teacht lena chéile agus bhíothas in ann seacht gcéim sa phróiseas, ó thaobh aghaidh a thabhairt ar úsáid drugaí, a aithint. Ceann de na príomh-mholtaí atá á dhéanamh ag an gCCND ná gur chóir go n-áireodh soláthraithe seirbhíse luach níos mó a bheith ar ról an teaghlaigh sa phróiseas cóireála, athshlánúcháin agus téarnaimh.

Tionscadail Taighde Inmheánacha

Tá an CCND ag tabhairt faoi na tionscadail seo a leanas faoi láthair go hinmheánach nó déanfaidh siad cuid d'obair an Choiste in 2007.

Píolótú an Chórais Mhonatóireachta ar Threochtaí Drugaí (CMTD): Cé gur cuireadh an Staidéar Píolótach i gcrích in 2005 agus cuireadh aighneachtaí faoi bhráid an Rialtais chun é chur i ngníomh, bhíothas fós á bhreithniú agus cuid mhaith de 2006 caite. Fuarthas faomhadh i lár 2006 ón Rialtas chun Léirithe Suime a lorg chun CMTD a chur i ngníomh agus thosaigh obair ar na cáipéisí riachtanacha a ullmhú, lena n-áirítear tuarascáil achoimre ar an staidéar píolótach, le heisiúint go luath in 2007.

Oibriú idir Gníomhaireachtaí: Phléigh an Fo-choiste um Chosc na cineálacha taighde agus d'fhostaigh seirbhís sainchomhairleora seachtraigh chun comhráite a éascú. Ba é an toradh ná roinnt taighde a dhéanamh go hinmheánach, ag déanamh athbhreithnithe ar an litríocht, ar eispéiris phraiticiúla na bpróiseas oibre idir gníomhaireachtaí agus iad a bhreithniú i gcomhthéacs na pleanála Rialtais. Thosódh sé seo in 2007 mar chuid de chlár saothair an Stiúrthóra.

Tástáil Drugaí sa Láthair Oibre: Moltaí don Rialtas a ullmhú chun tacú leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ina chuid oibre le rialacháin a ullmhú tar éis leasuithe ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.

Rinne an CCND na conclúidí seo a leanas:

- Is beag fianaise atá ar fáil in Éirinn maidir lena mhinice is a bhíonn alcól agus drugaí i gceist i ngortuithe agus i dtimpistí i láithreacha oibre;
- Is léir gur féidir le drochfheidhmíocht agus deacrachtaí iompair, a d'fhéadfadh an tsábháilteacht a chur i gcontúirt, teacht de thoradh úsáid fhadhbach a bheith á baint as substaintí;
- Ba chóir go mbeadh polasaí maidir le húsáid substaintí i bhfeidhm ag gach láthair oibre a fhorálann le haghaidh oideachais, tacaíochta agus bealaí le teacht ar chóireáil sa chéad chás. Ba chóir go bhforálfadh polasaithe den sórt sin le haghaidh na tástála drugaí sa láthair oibre más cuí sin.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil le híoschóipeáil ó láithreán idirlín an CCND ag www.nacd.ie

Staidéar Comparáideach ar an Úsáid Drugaí i Measc Daoine a Fhágann an Scoil go Luath: Thosaigh próiseas forbartha an tionscadail taighde seo amach in 2006 chun gealltanais an CCND faoi Ghníomh 98 den SND a chomhlíonadh, a cheanglaíonn air taighde a dhéanamh ar dhaoine a fhágann an scoil go luath agus an úsáid drugaí. Comhaontaíodh gur chóir go scrúdódh an taighde na hidirghaolmhaireachtaí idir fachtóirí riosca agus cosanta a théann i bhfeidhm ar an úsáid a bhaineann daoine óga as drugaí. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an taighde i lár 2007. Tá sé beartaithe go ndéanfar an taighde a bhainistiú go hinmheánach cé go bhféadfadh roinnt cúnaimh a bheith ag teastáil le haghaidh oibre allamuigh.

Féachann an staidéar seo lena bhreithniú conas a théann na comhthéacsanna sóisialta

buntábhachtacha i saol déagóra i bhfeidhm ar an bhfadhbúsáid drugaí i measc daoine a fhágánn an scoil go luath agus ina measc siúd a fhreastalaíonn ar an scoil de ghnáth. Déanfaidh an staidéar líon na bhfachtóirí riosca i saol daoine óga a mheasúnú ar dtús - ina bpobal, ina dteaghlach agus i gcaidrimh lena bpiaraí. Is é an dara céim ná acmhainní dhá chineál suíomh oideachais a scrúdú agus a aithint: (i) iad siúd a fhreastalaíonn ar dhaoine óga a fhreastalaíonn ar an ngnáthoideachas lárnach de ghnáth; agus (ii) iad siúd a fhreastalaíonn ar dhaoine óga a d'fhág an scoil agus a soláthraítear conaire oideachais malartach dóibh.

Is é an staidéar il-leibhéil is mó arna mhaoiniú ag an Rialtas é lena scrúdaítear an úsáid a bhaineann daoine óga as alcól/drugaí laistigh de chomhthéacs an phobail. Cabhróidh sé leis an gCCND comhairle a thabhairt don Rialtais maidir le polasaithe drugaí a imríonn ar dhaoine óga.

Cabhróidh an staidéar leis an gCCND trí:

- Na tionchair, a bhaineann le hiompair fhadhbacha an aosa óig, a aithint;
- Na sonraí is fearr, lena ndírítear ar fhachtóirí riosca agus cosanta araon, a bhailiú;
- Bearnaí a aithint sa bhealach a bhainistítear agus a thugtar acmhainní do nithe ar tosaíocht iad;
- Cabhrú le moltaí don rialtas a threorú.

Forléargas ar Úsáid an Chóicín in Éirinn II: Rud a tháinig de bhun iarratais ón Rialtas amach in 2005, thug an CCND faoin bhfaisnéis is déanaí a thabhairt don Rialtas maidir leis an úsáid chóicín in Éirinn. Bunaíodh Grúpa Comhairleach um Thaighde chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal agus tacú leis agus fuarthas taighdeoir ar conradh chun na sonraí a thiomsú agus an tuarascáil a scríobh. Tá an tuarascáil á hullmhú i gcomhar le Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND) agus scrúdóidh sé an úsáid chóicín i ndáil le hiarmhairtí, leitheadúlacht, cosc agus cóireáil an spleáchais ar chóicín. Dá thoradh sin, chuaigh an CCND i mbun faisnéis a bhailiú ó raon foinsí (Córas Náisiúnta Tuairisceoireachta um Chóireail Drugaí, an tSaotharlann Stáit, Saotharlann Dlí-Eolaíochta, Saotharlann Tocsaineolaíochta Beaumont, an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí) agus ó roinnt seirbhísí drugaí agus alcóil a bhíonn sa líne thosaigh maidir le bheith ag plé leis na cúrsaí seo. Scrúdaíodh forbairtí trasna raon tionscnamh píolótach maidir le cóicín chomh maith le faisnéis ó limistéir Thascfhórsaí ar Dhrugaí.

Ullmhaíodh Achoimre le cur faoi bhráid an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Dhrugaí (GID) i mí Mheáin Fómhair 2006 agus tharla a thuilleadh comhráití i gcaitheamh na tréimhse deiridh de 2006. Tugann na táscairí ar fad le fios go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar an úsáid chóicín agus go dtrasnaíonn an úsáid chóicín seo gach cuid de shochaí na hÉireann. Cé go bhfuil sé ag dul i bhfeidhm ar gach cuid den tír, is mó mar atá roinnt pobal thíos leis áfach. Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh an lucht déanta polasaithe, soláthraithe seirbhíse, liachleachtóirí ginearálta, dochtúirí comhairleacha ospidéil agus grúpaí pobail an fhaisnéis sa tuarascáil seo chun tionchar an chóicín ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar phobail a thuiscint níos fearr.

Leanfaidh na Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha chomh maith le dreamanna eile a bhfuil lámh acu san obair leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí a chur i ngníomh, suas leis an trí mholadh dhéag atá sa tuarascáil anois, ag díriú ar an gcóireáil go príomha, ach ag clúdach soláthair, coisc agus taighde freisin.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil iomlán go luath in 2007.

Ag Féachaint ar agus ag tuiscint Thimpeallacht na Rioscaí i Measc Fadhbúsáideoirí Drugaí atá i mbun Striapachais: Ceanglaíodh ar an gCCND staidéar a dhearadh a chomhlíonfadh a ghealltanais faoi Ghníomh 98 den SND agus a sholáthródh léargais ar riachtanais agus eispéiris ar rioscaí úsáideoirí drugaí a bhíonn i mbun striapachais.

Cé go bhfuil bunús maith leis an teoiric gur féidir le timpeallachtaí áitiúla rioscaí tionchar idirghabhálacha, le VEID nó *HIV* a chosc, a theorannú (.i. aistriú ar aghaidh go dtí cóicín a instealladh agus

a thionchar sin ar iompar rioscúil maidir le substaintí a instealladh) agus go dtéann coinníollacha sóisialta i bhfeidhm ar an tsláinte agus ar iompar a bhaineann leis an tsláinte, tá easpa eolais agus tuisceana fós ann ar an dinimic ó thaobh comhthéacs agus iompair a bhíonn i gceist le heispéiris fhadhbúsáideoirí drugaí a oibríonn sa striapachas in Éirinn. Tá coinníollacha ann a imríonn ar fhachtóirí riosca, nó 'riosca an riosca'; cúinsí saol daoine a théann i bhfeidhm ar a nochtaithe is bheidh siad, nó ar an mbealach a bheidh siad nochtaithe, d'fhachtóirí riosca, agus/nó a fhágann go mbíonn sé deacair dóibh fachtóirí riosca den sórt sin a sheachaint.

Trína bheith ag díriú ar thimpeallacht na rioscaí sóisialta agus fisiciúla a bhíonn i gceist d'fhadhbúsáideoirí drugaí a oibríonn sa striapachas, agus ar an duine aonair chomh maith, breiseoidh na torthaí ón staidéar seo ár dtuiscint ar riachtanais daoine a mbaineann na cúinsí seo leo.

Is é aidhm an Staidéir ná timpeallacht na rioscaí, ina maireann agus ina n-oibríonn fadhbúsáideoirí drugaí a oibríonn sa striapachas i mBaile Átha Cliath, a thuiscint chomh maith le conas a fheictear rioscaí dóibh, agus conas a iompraíonn siad iad féin mar fhreagairt ar rioscaí.

- Fachtóirí na rioscaí sóisialta, pearsanta agus a bhaineann le suímh/cáis ar leith a aithint;
- Cur síos a thabhairt ar chleachtais rioscúla iompair;
- A straitéisí, le rioscaí a laghdú, a aithint chomh maith lena mbacainní chun rioscaí a íoslaghdú;
- Bacainní, a bhíonn roimh fhadhbúsáideoirí drugaí a oibríonn sa striapachas agus iad ag teacht ar idirghabhálacha laghdaithe dochair, chóireáil drugaí agus ar sheirbhísí eile, a aithint.

Obair Inmheánach Eile

Thosaigh obair le haighneachtaí a ullmhú le cur faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte maidir le ***Straitéis Idirchultúrtha FSS*** agus don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre dá phlean straitéiseach.

Thosaigh obair freisin ar an anailís ar shonraí ó **Shuirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2002/2003** leis an aidhm is go dtáirgfí **Bullaitín 5** maidir leis an **úsáid ildrugaí** agus **Bullaitín 6** maidir le húsáid **támhachán, suaimhneasán nó frithdhúlagrán**. Tá dréachtaí curtha faoi bhráid an fhochoiste um Leitheadúlacht agus an GCT le breithniú agus le faomhadh. Tá sé i gceist go bhfoilseofar na bullaitíní seo in 2007.

Athruithe ar an bhFoireann in 2006

Tá ceithre phríomhphost ag an gCCND a dtacaítear go díreach leo trí bhaill foirne a fháil ar iasacht agus ar conradh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá an Stiúrthóir agus an tOifigeach Taighde ar conradh don Roinn agus tá an tArdoifigeach Feidhmiúcháin agus an tOifigeach Cléireachais ar iasacht ón Roinn. Cé gur post lánaimseartha atá i bpost an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin, laghdaíodh post an Oifigigh Chléireachais go post páirtaimseartha le linn téarmaí scoile rud a chiallaíonn go bhfuil easnamh substaintiúil ó thaobh cúrsaí riaracháin sa CCND mar gheall ar éilimh an chláir shaothair.

Líontar an t-easnamh seo trí oibrithe ar conradh a úsáid a fhostaítear trí ghníomhaireacht chun an tacaíocht riaracháin, a theastaíonn ó am go chéile, a sholáthar. Lena chois sin, soláthraítear oifigeach cléireachais sealadach i míonna an tsamhraidh chun an folúntas sa samhradh (téarma scoile) a líonadh.

Ba é uaillmhian an CCND a inniúlacht le haghaidh taighde inmheánaigh a fhorbairt agus a leathnú de réir molta a rinneadh san Athbhreithniú Seachtrach le *Talbot Associates*, 2004. Mar gheall go raibh Post an Oifigigh Thaighde folamh ar feadh 10 mí, d'fhostaigh an CCND conraitheoirí lánaimseartha seachtracha taighde chun tionscadail taighde a chur i gcrích thar a cheann.

Fostaíodh beirt taighdeoir ar bhonn 'tionscadail shonracha' agus d'fhág seo gur sábháladh isteach is amach le dhá dtrian den chostas leis an tionscadal taighde go léir a chur amach go ndéanfadh dream seachtrach é faoi mar a dhéantar de ghnáth faoi láthair. D'fhág sé seo go raibh an CCND in ann tabhairt faoi thaighde íogair ar bhealach éifeachtúil éifeachtach.

Scórchárta Ualaithe

Chuir an CCND cur chuige an Scórchárta Ualaithe i ngníomh in 2006 chun a indéanta is a bheadh sé monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht a thástáil. Tástáladh trí chinn den cheithre chomhchuid: seirbhís do chliaint (an Rialtas agus príomhpháirtithe leasmhara eile); éifeachtúlacht inmheánach (tionscadail seachadta in am nó níos moille ná mar a bhí sceidealta); agus bainistíocht airgeadais (buiséad á rialú agus spriocanna caiteachais comhlíonta). Bhí an chomhchuid dheiridh, comhtháthú, á forbairt in 2006 lena cur i ngníomh in 2007. Ar an iomlán, fuair an CCND go raibh seo ina uirlis úsáideach le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus ar chumas a fhoirne tacaíochta agus a chonraitheoirí lena chlár saothair a chur i gcrích. Thoiligh sé go leanfaí ar aghaidh leis an gcur chuige seo a úsáid in 2007.

Saoráil Faisnéise (FOI)

D'fhógair an tAire Airgeadais, an tUas. Cowen, pleananna i mí Dheiridh Fhómhair 2005 leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a leathnú go dtabharfaí líon na gcomhlachtaí atá faoi chlúdach na Saorála Faisnéise go dtí isteach is amach le 500. Tugadh tréimhse thosaigh cúig mí do chomhlachtaí nua, lena n-áirítear an CCND, chun ligean dóibh socruithe ó thaobh na heagraíochta agus ullmhúcháin eile a dhéanamh.

D'fhreastail foireann an CCND ar roinnt cúrsaí agus seimineár oiliúna um Shaoráil Faisnéise i rith na tréimhse seo:

- Seimineár faoin bhFaisnéis is Déanaí um Shaoráil Faisnéise arna chur i láthair ag Gnóthaí Poiblí Éireann i gcomhar le Mason Hayes agus Curran, Aturnaetha, an 24ú Samhain 2005. D'fhreastail Mairéad Lyons agus Mary Jane Trimble air;
- Ardchúrsa Oiliúna um Shaoráil Faisnéise arna chur i láthair ag an Aonad Lárnach um Pholasaithe, Roinn Airgeadais, an 23ú Bealtaine 2006. D'fhreastail Mairéad Lyons air;
- Seimineár faoin bhFaisnéis is Déanaí um Shaoráil Faisnéise arna chur i láthair ag Gnóthaí Poiblí Éireann i gcomhar le Mason Hayes agus Curran, Aturnaetha, an 14ú Meán Fómhair 2006. D'fhreastail Alan Gaffney air;
- Ardchúrsa Oiliúna um Shaoráil Faisnéise arna chur i láthair ag an Aonad Lárnach um Pholasaithe, Roinn Airgeadais, an 11ú Deireadh Fómhair 2006. D'fhreastail Alan Gaffney agus Mary Jane Trimble air.

Ullmhaíodh agus foilsíodh leabhar tagartha de réir cheanglais Alt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. De réir Alt 15 den Acht, is é cuspóir an leabhair thagartha seo ná éascú le daoine teacht ar fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí, trí struchtúr, fheidhmeanna agus mhionsonraí ar na seirbhísí a sholáthraíonn an CCND a leagan amach, chomh maith leis an mbealach gur féidir leas a bhaint astu, faisnéis ar na haicmí taifead a choinnítear, agus faisnéis maidir leis an mbealach le hiarratas a dhéanamh leis an gCCND faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Ceanglaíonn Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an gCCND leabhar a fhoilsiú ina mbeidh na rialacha, nósanna imeachta, cleachtais, treoirlínte agus léirmhínithe a úsáideann an CCND. Tá cóipeanna den fhoilseachán seo ar fáil ón ár Suíomh Idirlín www.nacd.ie agus ar iarratas ó oifigí an CCND.

Tháinig Rialacháin 2006 an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) i bhfeidhm le héifeacht ó 31 Bealtaine, 2006. Fuair an CCND dhá iarratas um Shaoráil Faisnéise sa tréimhse Meitheamh 2006 go dtí Nollaig 2006.

Is é an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise ag an gCCND ná Mary Jane Trimble. Bíonn an tOifigeach um SF freagrach as iarratais um SF a láimhseáil. Is é Alan Gaffney an Déantóir Cinntí um SF agus is é Máiréad Lyons a phléann le hachomhairc inmheánacha.

FOILSEACHÁIN

Chuir an CCND go leor tionscadal mór taighde i gcrích i mbliana. Is ionann foilsiúchán agus bailchríoch phróisis taighde agus cuirtear gach taighde dá ndéanann an CCND faoi athbhreithniú cuimsitheach mionsonraithe ag an gCoiste sula bhfoilsítear é. Tá na foilseacháin thíos liostaithe in ord cróineolaíoch.

1. "Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003. Torthaí maidir le Cóicín". Bullaitín 4. Foilsithe i mí Eanáir 2006 agus ar fáil ó www.nacd.ie
2. "Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003." Tuarascáil Theicniúil. Arna hullmhú ag an gCCND, ATFD agus *MORI MRC*. Foilsithe i mí na Feabhra 2006 ar an idirlíon amháin. www.nacd.ie
3. "Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann - Chéad torthaí (Athbhreithnithe) ó Shuirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003. Bullaitín 1." Athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2005. Eatraimh Mhuiníne. Foilsithe i mí Aibreáin 2006 agus ar fáil ar an idirlíon amháin. www.nacd.ie
4. "Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003." Torthaí na mBord Sláinte (Éire) agus an Bhoird Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann). Bullaitín 2." (Athbhreithnithe) Meitheamh 2005. Eatraimh Mhuiníne. Foilsithe i mí Aibreáin 2006 agus ar fáil ar an idirlíon amháin. www.nacd.ie
5. "Torthaí *ROSIE 1* Achoimre ar Thorthaí Bliain amháin." Cox, G, Comiskey C, Kelly P, Cronly, J (2006). Arna fhoilsiú ag an gCCND, Meán Fómhair, 2006.
6. Fountain, J (2006). "Forléargas ar thréithe agus fhairsinge na húsáide drugaí aindleathaí i measc an Lucht Siúil. staidéar taiscéalaíoch." Foilsithe ag an gCCND Deireadh Fómhair 2006. Tá DVD ar fáil lena scaipeadh i measc an Lucht Siúil.
7. Loughran, H., McCann, M.E. 2006. "Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal: Táscairí Pobail a Fhorbairt don Fhadhbúsáid Drugaí." Foilsithe ag an gCCND, Samhain 2006.
8. Loughran, H., McCann, M.E. 2006. *Cás-staidéar ar Phobal Bhaile Munna: Eispéiris agus Mar a Fheictear an Fhadhbúsáid Drugaí do Dhaoine*. Arna fhoilsiú ag an gCCND, Samhain 2006.
9. Loughran, H., McCann, M.E. 2006. *Cás-staidéar ar Phobal Bhré: Eispéiris agus Mar a Fheictear an Fhadhbúsáid Drugaí do Dhaoine*. Arna fhoilsiú ag an gCCND, Samhain 2006.
10. Loughran, H., McCann, M.E. 2006. *Cás-staidéar ar Phobal Chromghlinne: Eispéiris agus Mar a Fheictear an Fhadhbúsáid Drugaí do Dhaoine*. Arna fhoilsiú ag an gCCND, Samhain 2006.

Achoimre ar Fhoilseacháin Bhuntábhachtacha

Tá bileoga achoimre aon leathanach maidir le gach ceann den cheithre fhoilseachán a eisíodh in 2006 ceangailte leis an tuarascáil seo. Baineann achoimrí le:

- *An Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éirinn. Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003. Torthaí maidir le Cóicín, Bullaitín 4;*
- *Torthaí ROSIE 1 Achoimre ar Thorthaí Bliain Amháin;*
- *Forléargas ar thréithe agus fhairsinge na húsáide drugaí aindleathaí i measc an Lucht Siúil: staidéar taiscéalaíoch.*
- *Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal: Táscairí Pobail a Fhorbairt don Fhadhbúsáid Drugaí.*

Bhí seoladh do na meáin chumarsáide agus faisnéisiúchán don phreas i gceist le gach ceann thuas. Tá aird na meán ina bhealach tábhachtach trínar féidir leis an gCCND a chinntiú go gcuirtear torthaí agus moltaí fhoilseachán an Choiste in iúl do luchtanna éisteachta agus príomhpháirtithe leasmhara buntábhachtacha.

Caibidil a Ceathair

CUMARSÁID

Fágann feidhmeanna an CCND go mbíonn sé riachtanach cumarsáid a dhéanamh ar go leor cúiseanna difriúla agus ag leibhéil dhifriúla. Tá straitéis chumarsáide i bhfeidhm chun tionchar na dtionscnamh agus na n-aschur éagsúil a optamú, ó thaobh comhairle a sholáthar, torthaí a scaipeadh agus an clár oibre taighde a chur chun cinn. Is iad cuspóirí na straitéise cumarsáide ná:

- Comhairle thráthúil agus faisnéisiúcháin thráthúla a sholáthar don Aire maidir le saincheisteanna buntábhachtacha agus treochtaí atá ag teacht chun cinn;
- Torthaí taighde ábhartha, a d'fhéadfadh an smaointeoireacht agus cleachtas reatha a threorú, a chur in iúl do sholáthraithe seirbhíse agus do chleachtóirí trasna réimsí;
- An clár oibre taighde a chur chun cinn i measc na ndaoine is mó a théann i bhfeidhm ar chúrsaí sna gníomhaireachtaí agus comhlachtaí sin a chuireann taighde, a bhaineann le drugaí, chun cinn, a choimisiúnaíonn agus a mhaoiníonn é nó a thugann faoi thaighde a bhaineann le drugaí agus/nó a bhfuil teacht acu ar shonraí ábhartha sa réimse seo;
- Feidhmiú ar son an CCND agus na hÉireann ag fóraim idirnáisiúnta.

D'fhoilsigh an CCND deich dtuarascáil san iomlán in 2006. Sholáthair an Coiste comhairle don Rialtas freisin.

Comhlíonann an CCND dhá cheann dá fheidhmeanna lárnacha i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí cumarsáide – comhairle a sholáthar agus díospóireacht agus plé, faoi shaincheisteanna drugaí, a chur chun cinn agus a spreagadh trína thaighde a fhoilsiú agus a scaipeadh. Chuir an Coiste torthaí an taighde ar tugadh faoi in iúl do lucht éisteachta leathan ilghnéitheach lena n-áirítear Airí Rialtais, oifigigh shinsearacha rialtais, iondaithe poiblí, lucht déanta polasaithe, soláthraithe seirbhíse, grúpaí leasa pobail, an t-aos taighde, na meáin chumarsáide agus príomhpháirtithe leasmhara suntasacha eile.

Bíonn Achoimre Feidhmitheach cuimsitheach ach gonta san áireamh i ngach tuarascáil a fhoilsíonn an CCND agus tugann na hachoimrí bealach gasta éasca le teacht ar an staidéar, ar a thorthaí agus a mholtaí.

Tacaíonn gníomhaíochtaí idirchaidrimh leis na meáin chumarsáide agus seimineáir dóibh le foilsiú na dtuarascálacha.

Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide

Tá gníomhaíocht idirchaidrimh leis na meáin chumarsáide ina huirlis chumarsáide thábhachtach de chuid an CCND lena chinntiú go príomha go scaipfear torthaí agus moltaí fhoilseacháin an CCND go héifeachtach chuig a luchtanna éisteachta agus a bpríomhpháirtithe leasmhara.

An dara cuid de ná go bhfónann gníomhaíocht idirchaidrimh leis na meáin chumarsáide le leibhéal níos mó de dhíospóireacht agus chomhphlé eolasach a chinntiú san earnáil, le bheith ina spreagadh le réitigh eolasaithe, ar fhadhbanna drugaí na hÉireann, a fhorbairt. Óstálann an CCND faisnéisiúcháin agus seimineáir don phreas agus dáiltear preasráitis go comhuaineach chun teacht le foilsiú tuarascálacha éagsúla.

Tagann dúshláin ó thaobh torthaí agus moltaí fhoilseacháin an CCND a chur in iúl go héifeachtach de thoradh chastacht shaincheist na ndrugaí. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, óstálann an CCND faisnéisiúcháin do na meáin chumarsáide agus na tuarascálacha á bhfoilsiú. Bíonn seisiúin le haghaidh ceisteanna agus freagraí ina gcuid de gach faisnéisiúchán ina bhfreagraíonn an CCND ceisteanna faoina thuarascálacha. Dáiltear preasráiteas ar na meáin ina leagtar amach torthaí buntábhachtacha na tuarascála chomh maith le moltaí an CCND a tháinig chun cinn de bharr na tuarascála. Cuirtear gach preasráiteas ar shuíomh idirlín an CCND agus aistrítear go Gaeilge iad freisin.

Scaipeadh ceithre phreasráiteas ar raon leathan meán cumarsáide clóite agus craoltóireachta in 2006. Sholáthair ionadaithe an CCND agallaimh d'iriseoirí na meán cló agus craoltóireachta. Bhí tuairiscí sna

meáin chumarsáide clóite, craoltóireachta (Teilifís agus raidió) agus sna meáin ar an idirlíon. Bhí 36 alt sna meáin chlóite le feiceáil ar obair an Choiste in 2006.

Ghlac ionadaithe an CCND páirt go forleathan in agallaimh ar chláir chúrsaí reatha ar fud líonra raidió réigiúnaigh na hÉireann freisin. Mar shampla, soláthraíodh ceithre agallamh déag do chláir chúrsaí reatha ar stáisiúin raidió réigiúnacha i rith 2006.

Léiríonn na samplaí seo a leanas a éifeachtaí is a scaipeadh torthaí fhoilseacháin an CCND ar fud speictrim leathain d'asraonta na meán cumarsáide.

Bhí tuairiscí in ocht bpáipéar náisiúnta de thoradh fhoilsiú agus sheoladh na tuarascála "*Úsáid Drugaí in Éirinn & i dTuaisceart Éireann ó Shuirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003: Torthaí maidir le Cóicín Bullaitín 4*" i mí Eanáir 2006 (*The Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner, Irish Sun, Irish Star, Irish Daily Mirror, Irish News* agus an *Sunday World*) lena n-áirítear cuid an Weekend Review den Irish Independent. Tháinig cúig phíosa nuachta ar an teilifís dá bharr. Dhá cheann ar RTÉ a hAon ar 1 i.n. agus ar 6 i.n., bhí tuairisc ag RTÉ a Dó ar 11 san oíche, chlúdaigh TV3 é ar an nuacht ar 5:30 agus chlúdaigh bullaitín 6:30 Sky News Ireland an tuarascáil freisin.

San iomlán, bhí píosa faoin scéal ar 11 stáisiún raidió i mBaile Átha Cliath agus sna réigiúin. Thuairiscigh 30 bullaitín nuachta ar a laghad ar an mír. Rinneadh naoi n-agallamh le Stiúrthóir an CCND, Máiréad Lyons, ar chláir dhíospóireachta lena n-áirítear an clár '*The Last Word*' le Matt Cooper ar *Today FM*. Bhí idir an tAire Noel Ahern agus Máiréad Lyons le cloistéail ar dhíospóireacht phainéil leathuaire a chloig ar '*Lunchtime Show*' Declan Kiberd ar *Newstalk 106* freisin. Craoladh giotáin cainte éagsúla, le giotaí cainte ón Aire, ón gCathaoirleach agus ón Stiúrthóir, i gcaitheamh lá seolta na tuarascála ar: stáisiúin raidió náisiúnta, RTÉ a hAon, *2FM, Today FM* agus *Newstalk 106*; stáisiúin raidió Bhaile Átha Cliath, *Q102*, *98FM*, *FM104* agus stáisiúin réigiúnacha trí *Independent Network News (INN)* a dhéanann bullaitíní nuachta a shiondacáitiú chuig 28 stáisiún raidió réigiúnacha na hÉireann ar fud na tíre

Ghin foilsiú agus seoladh '*Forléargas ar thréithe agus fhairsinge na húsáide drugaí aindleathacha i measc Phobal an Lucht Siúil: staidéar taiscéalaíoch*', i mí Dheiridh Fhómhair 2006 clúdach i nuachtáin mhórbhileoige agus thablóideacha freisin lena n-áirítear meáin chumarsáide ar an idirlíon amhail *Ireland.com*. Bhí ocht n-alt san iomlán ann a chuimsigh cúig alt i nuachtáin náisiúnta agus trí alt ar mheáin chumarsáide ar-líne. Ní amháin go raibh leibhéal na tuairiscithe a baineadh amach substaintiúil ach d'atreisigh ábhar na n-alt go léir an 'teachtaireacht bhuntábhachtach' - go mbíonn an Lucht Siúil i mbaol na fadhbúsáide drugaí mar gheall ar an eisiatacht shóisialta a théann dó. Níor fhreastail Teilifís RTÉ ar an seoladh, ach tuairiscíodh faoi ar a phríomhchlár nuachta raidió áfach, *Morning Ireland*. Gineadh breis is 20 bullaitín nuachta san iomlán de thoradh na tuarascála. Reáchtáladh dhá agallamh ar chláir dhíospóireachta lena n-áirítear ceann ar an '*Brendan O'Brien Lunchtime Show' Newstalk 106* le hEmma Kennedy ó *Pavee Point*.

Comhairle don Rialtas

Feidhm bhuntábhachtach de chuid an Choiste ná comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn. Maidir leis seo, baineann cuid thábhachtach den phróiseas, le taighde a fhoilsiú, le comhairle a chur faoi bhráid an Rialtais bunaithe ar anailís agus léirmhíniú an CCND ar na torthaí taighde agus faisnéis a bhíonn ar fáil dó.

Le cois na comhairle a soláthraítear maidir le foilseacháin taighde, tá na réimsí sonracha seo a leanas ina dtacaí díreacha a soláthraítear don Rialtas, d'ionadaithe poiblí agus do chomhlachtaí stáit:

- Tacaíocht theicniúil a sholáthar d'oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tuarascáil don Rialtas á hullmhú maidir le héifeachtacht na cóireála drugaí;

- Faisnéis á soláthar go leanúnach don Aonad Straitéise Drugaí i ndáil le freagraí ar Cheisteanna Parlaiminte;
- Faisnéis agus comhairle soláthraithe freisin mar fhreagairt ar fhiosrúcháin ghinearálta maidir le saincheisteanna drugaí;
- Comhairle soláthraithe trí ionadaíocht ar an nGrúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí (GID).

Suíomh Idirlín an CCND

Tá an CCND ar an idirlíon ó 2001. Rinneadh athfhorbairt ar an suíomh idirlín in 2004 leis an aidhm is go soláthrófaí raon níos leithne d'fhaisnéis dá sprioclucht éisteachta. Tá faisnéis mhionsonraithe i ndáil leis an gCCND ar an suíomh, lena n-áirítear a mhisean agus a luachanna, a fheidhmeanna agus a bhallraíocht. Tá faisnéis ar fáil ar struchtúr na bhfochoistí agus ar chlár saothair an CCND freisin.

Foilsítear tuarascálacha an CCND ar an suíomh idirlín agus bíonn siad ar fáil le híoschóipeáil saor in aisce. Tugtar an láithreán cothrom le dáta ar bhonn rialta lena chinntiú go soláthraítear an fhaisnéis is déanaí i ndáil le gníomhaíochtaí taighde, imeachtaí agus seimineáir. Cinntíonn sé seo go gcuirtear preasráitis, cáipéisí tairisceana agus aighneachtaí an CCND ar taispeáint go pras freisin. Conraitheoir seachtrach a dhéanann an suíomh idirlín a chothabháil toisc nach bhfuil an acmhainneacht foirne ag an gCCND leis an bhfeidhm seo a chur i gcrích.

Bhí an CCND ar cheann de na comhlachtaí poiblí a liostaíodh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tá an suíomh idirlín i bhformáid dhátheangach ón 1ú Bealtaine, 2006. Tá leaganacha Gaeilge de cháipéisí amhail Tuarascálacha Bliantúla agus Pleananna Gnó ó 2003 ar aghaidh ar fáil le híoschóipeáil. Níl sé d'oibleagáid ar an gCCND tuarascálacha a bhaineann le taighde a aistriú áfach mar gheall gur tuarascálacha casta teicniúla iad. Cuireann an CCND aistriúcháin de phreasráitis ar fáil mar sin a bhíonn ina n-achoimrí ar na moltaí buntábhachtacha. Tá achoimrí aon leathanach de thaighde a foilsíodh ó amach i 2003 ar fáil i nGaeilge.

Seimineáir arna n-óstáil ag an gCCND

D'óstáil an CCND seacht n-imeacht seimineáir in 2006.

Oiliúint maidir le Taighde do na Tascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí: Reáchtáladh seimineáir a bhí dírithe ar Thascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí, dar teideal *Taighde a Choimisiúnú agus a Bhainistiú*, an 24ú agus 27ú Feabhra i mBaile Átha Cliath agus i bPort Laoise faoi seach agus an 7ú Márta i mBaile Átha Cliath.

Sholáthair an CCND agus Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND), le cúnamh an Aonaid Taighde ar Alcól agus Drugaí (ATAD), faisnéis maidir le taighde a phleanáil agus a choimisiúnú do chomhordaitheoirí na dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí (TFÁDaí) agus na dTascfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí (TFRDaí).

I measc na bPríomhchainteoirí bhí Máiréad Lyons, Dr Aileen O'Gorman, CCND, Dr Jean Long agus Brian Galvin ón ATAD agus Patricia O'Connor ó FSND.

Ba iad na saincheisteanna buntábhachtacha a scrúdaíodh ar an lá ná ceisteanna taighde, modhanna, foinsí sonraí, eitic, cosaint sonraí, soláthar agus conarthaí. Ba é cuspóir an tseimineáir ná an taithí atá faighte ag an gCCND le cúig bliana anuas i réimsí amhail iad seo a leanas a roinnt:

- Smaointe le haghaidh taighde a fhorbairt trí choistí;
- Cuspóirí taighde a mhionathrú chun feabhais;
- Taighde a choimisiúnú (soláthar & conarthaí);
- Cumas a aithint;
- Meantóireacht le haghaidh taighde;
- Monatóireacht ar dhul chun cinn;
- Fadhbanna a réiteach;
- Tuarascálacha deiridh, eagarthóireacht, á síniú le haghaidh a bhfoilsithe agus cinneadh a dhéanamh faoi fhoilsiú.

Ó thaobh aiseolais ó na rannpháirithe, fuair na daoine a d'fhreastail ar an seimineár go raibh sé an-tairbheach agus gur thug sé an-chuid faisnéise dóibh agus gur mhór an cúnamh na bileoga a tugadh amach. Cuireadh an fhaisnéis i láthair go simplí soiléir, agus aird an lucht éisteachta á tarraingt ar go leor de na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus taighde á dhéanamh sa réimse áirithe seo.

Thug Dr Aileen O'Gorman creatlach den scoth le húsáid le tionscadail thaighde a fhorbairt. Léirigh Dr Jean Long luach na gcóras faireachais chomh maith leis an mbealach gur féidir an fhaisnéis a úsáid. Dhírigh Máiréad Lyons ar shaincheisteanna praiticiúla amhail soláthar agus conarthaí. Bhí Ceannasaí an Ionaid Náisiúnta Doiciméadaithe, Brian Galvin, ar fáil chun labhairt le daoine agus léirigh conas gur féidir teacht ar a leabharlann. Chuir Patricia O'Connor ó FSND clabhsúr leis an seimineár le breac-chuntas ar Chiste na Riachtanas atá ag Teacht Chun Cinn.

Torthaí *ROSIE 1* – Seimineár le Torthaí a Scaipeadh: Reáchtáladh seimineár in Óstán Buswell's Bhaile Átha Cliath an 12ú Meán Fómhair i ndáil le *Torthaí ROSIE 1: Achoimre ar thorthaí tar éis bliain amháin* agus d'fhreastail an tUas. Noel Ahern, TD, Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, air.

Sholáthair Dr Des Corrigan spreagaitheasc thar ceann an CCND. Chuir Dr Catherine Comiskey na torthaí i láthair an lucht éisteachta, ar soláthraithe cóireála iad ar tugadh cuireadh dóibh teacht agus atá ag éascú le taighdeoirí teacht ar rannpháirtithe sa staidéar.

Seimineár le Torthaí an Staidéir ar Dhrugaí sa Phobal a Scaipeadh: Reáchtáladh seoladh agus seimineár na Tuarascála faoin Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal in Óstán Burlington an 24ú Samhain, 2006 agus d'fhreastail an tUas. Noel Ahern, TD, Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, air. Sholáthair Dr Des Corrigan spreagaitheasc thar ceann an CCND. Chuir Dr Hilda Loughran, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Dr Mary Ellen McCann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ábhair i láthair.

Seimineáir le Torthaí an Staidéir ar an Lucht Siúil a Scaipeadh: Bhí seimineáir faoin Staidéar ar an Lucht Siúil, a foilsíodh i mí na Samhna 2006, an 27ú agus 28ú Samhain. Reáchtáladh an príomhsheimineár in Óstán Merrion agus d'fhreastail an tUas. Noel Ahern, TD, Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, air. Sholáthair Dr Des Corrigan spreagaitheasc thar ceann an CCND agus chuir Jane Fountain, Ollamh, ó Ollscoil Lár Lancashire ábhair i láthair.

Léirithe do Luchtanna Éisteachta Buntábhachtacha

Cuid chriticiúil de mhisean an CCND ná cleachtas taighde a nascadh le luach na comhoibre le gach duine a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as bonn a chuid eolais. Agus an fheidhm sin á comhlíonadh, tugann an Stiúrthóir, baill foirne sinsearacha agus ionadaithe an CCND léachtaí agus léiriúcháin go rialta agus glacann páirt i seimineáir agus i gceardlanna.

Léiriúcháin inar ghlac an CCND páirt in 2006:

- Léacht do Mhic Léinn atá ag déanamh staidéir ar Shláinte a Chothú Ollscoil na hÉireann Gaillimh (14ú Feabhra)
- Léacht do Mhic Léinn atá ag déanamh staidéir ar Shláinte a Chothú Institiúid Mharino Baile Átha Cliath (22ú Feabhra)
- Léacht do Mhic Léinn na Céime Máistreachta i Staidéir ar an Andúil Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath (23ú Márta)
- Léiriúchán an Ghrúpa Idir-Rannaigh (GIR) ar Dhrugaí maidir leis an Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal (Bealtaine)
- Léiriúchán an (GIR) maidir leis an Staidéar ar Dhrugaí sa Phobal (Iúil)
- Léiriúchán an (GIR) maidir le Torthaí *ROSIE 1* (Meán Fómhair)
- Léiriúchán an (GIR) maidir leis an Eolas is Déanaí ar Chóicín (Meán Fómhair)

- Faisnéisiúchán *Ipsos MORI* faoin suirbhé ar an daonra (5ú Deireadh Fómhair)
- Faisnéisiúchán *Ipsos MORI* faoin suirbhé ar an daonra (9ú Deireadh Fómhair)
- Comhdháil *MQI/Pavee Point* um Éagsúlacht agus Drugaí (2ú Samhain)
- Fóram Náisiúnta Ban an Lucht Siúil Gaillimh (20ú Samhain)
- Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Líonra Tacaíochta Teaghlaigh Taighde an CCND (23ú Samhain)

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Taighde - Leithdháiltí Maoiniúcháin

(do Thionscadail Thaighde arna gCoimisiúnú in 2006)
(CBL san áireamh sa chás gurb infheidhme é)

Leitheadúlacht

Athshuirbhé ar an Daonra Ginearálta faoin Úsáid Drugaí 2006/2007
Ipsos MORI €677,600.00

Cóireáil/Athshlánúchán

Síneadh le Staidéar Fadaimseartha chun céim leanúna 3 bliana a chuimsiú
Dr Catherine Comiskey & Ollscoil na hÉireann, Má Nuad €615,246.57

Gníomhartha/Gníomhaíochtaí Taca

Caidreamh Poiblí
Montague Communications €25,621.00

Iomlán arna leithdháileadh **€1,318,467.57**

Caiteachas an CCND

Leagann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta isteach is amach le €1.3 milliún i leataobh i dtreo an CCND a fheidhmiú. Leithdháiltear seachtó faoin gcéad den bhuiséad seo mar mhaoiniúchán do thaighde agus an 30% atá fágtha le haghaidh riaracháin ghinearálta.

Cur síos atá sna figiúir a chuirtear i láthair ar chaiteachas an CCND ar thaighde agus ar riarachán ginearálta i gcomhair 2006. Tá airgeadas an CCND lánpháirtithe laistigh de chuntais ghinearálta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Caiteachas an CCND ar thionscadail thaighde nua agus atá ann cheana féin, lena n-áirítear tacaíocht sheachtrach saineolaithe, i gcomhair 2006

€869,536.75

Caiteachas an CCND ar riarachán ginearálta, lena n-áirítear pá, caidreamh poiblí agus seirbhísí dlí i gcomhair 2006

€399,931.92

Aguisín a hAon

BALLRAÍOCHT CHOISTE AN CCND AG 31ú NOLLAIG 2006

Cathaoirleach

Dr Des Corrigan, Dámh na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaiseolaíochta, Coláiste na Tríonóide

Leas-Chathaoirleach

Dr Mary Ellen McCann, Ceapachán Acadúil

Baill

An tOllamh Joe Barry, Ceapachán Acadúil

Jackie Blanchfield, Uas., Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

An tUas. Willie Collins, FSS, Limistéar an Deiscirt

An tUas. Michael Conroy, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Maria Corrigan, Uas., Síceolaí Cliniciúil

Sunniva Finlay, Uas., Earnáil Phobail

An tUas. John Garry, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

Mairéad Kavanagh, Uas., Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

Dr Éamonn Keenan, Síciatraí Comhairleach, FSS, Limistéar an Iardheiscirt

Dr Jean Long, ATAD, An Bord Taighde Sláinte

An tUas. David Moloney, Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUas. Cathal Morgan, FSS, Réigiún an Oirthir

An Ceannfort Barry O'Brien, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

An tUas. Liam O'Brien, Earnáil Phobail

Patricia O'Connor, Uas., Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí

Mary O'Shea, Uas. Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn

Dr Máirín O'Sullivan, Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Baill an CCND a d'Éirigh As (2006)

Catherine Byrne, Uas., Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

An tUas. Tony Geoghegan, Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn

Anna Quigley, Uas., Earnáil Phobail

Dr Hamish Sinclair, ATAD, An Bord Taighde Sláinte

Baill na bhFochoistí (Nach bhfuil ar an bPríomhchoiste)

Iarmhairtí

An tUas. Gabriel Staunton, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Luathrabhadh/Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

An tUas. Gabriel Staunton, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Dr Daniel O'Driscoll, An tSaotharlann Eolaíochta Fóiréinsí

Dr Bobby Smyth, FSS, Limistéar an Iardheiscirt

Siobhan Stokes Uas., An tSaotharlann Stáit

Dr Richie Maguire, Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí

Noreen Quinn, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUas. Padraig Mc Mahon, Coimisinéirí Ioncaim

An tUas. Gerry Hayes, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

Pauline Leavy Uas., An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

An Garda Bleachtaireachta Pat Davis, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

Anya Pierce, Uas., Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont

Leitheadúlacht
An tUas. Eddie Arthurs, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Cosc
Cathy Lyons, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

Sineád Copeland, Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Ruby Morrow, Uas., Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann

Elaine Butler, Uas., Fóram Oibrithe Oideachais ar Dhrugaí

Cóireáil
Anna May Harkin, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

Dr Íde Delargy, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann

Frances Nangle-Connor, Uas., Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Sineád Copeland, Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Aguisín a Dó

TÁBLA BHALLRAÍOCHT NA BHFOCHOISTÍ AG 31Ú NOLLAIG 2006

		Iarmhairtí	L/TTCC	Leithead-úlacht	Cosc	Cóireáil
Dr Des Corrigan	Dámh na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaiseolaíochta, Coláiste na Tríonóide	✓	✓	✓		
Dr Mary Ellen McCann	Ceapachán Acadúil	✓			✓	
An tOllamh Joe Barry	Ceapachán Acadúil			✓		✓
Jackie Blanchfield, Uas.	Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí		✓			✓
An tUas. Willie Collins	FSS, Limistéar an Deiscirt		✓	✓		✓
Maria Corrigan, Uas.	Síceolaí Cliniciúil				✓	✓
Sunniva Finlay, Uas.	Earnáil Phobail	✓		✓		
An tUas. John Garry	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí	✓		✓		
Mairéad Kavanagh, Uas.	Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí	✓			✓	
Dr Eamon Keenan	FSS, Limistéar an Iardheiscirt	✓				✓
Dr Jean Long	ATAD, An Bord Taighde Sláinte	✓	✓	✓		✓
An tUas. David Moloney	Roinn Sláinte agus Leanaí		✓	✓		
An tUas. Cathal Morgan	FSS, Réigiún an Oirthir					✓
An Ceannfort Barry O'Brien	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána	✓		✓		
An tUas. Liam O'Brien	Earnáil Phobail	✓				✓
Patricia O'Connor, Uas.	Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí		✓	✓	✓	
Mary O'Shea, Uas.	Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn	✓				✓
Dr Máirín O'Sullivan	Roinn Oideachais agus Eolaíochta				✓	
An tUas. Gabriel Staunton	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	✓	✓			
An tUas. Gerry Hayes	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí		✓			

		Iarmhairtí	L/TTCC	Leithead-úlacht	Cosc	Cóireáil
Pauline Leavy, Uas.	An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre		✓			
An Garda Bleachtaireachta Pat Davis	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána		✓			
Siobhan Stokes, Uas.	An tSaotharlann Stáit		✓			
Dr Daniel O'Driscoll	An tSaotharlann Eolaíochta Fóiréinsí		✓			
Noreen Quinn, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
Anya Pierce, Uas.	Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont		✓			
Dr Bobby Smyth	FSS, Limistéar an Iardheiscirt		✓			
Dr Richie Maguire	Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí		✓			
An tUas. Padraig McMahon	Coimisinéirí Ioncaim		✓			
An tUas. Eddie Arthurs	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta			✓		
Cathy Lyons, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí				✓	
Ruby Morrow, Uas.	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann				✓	
Sinead Copeland, Uas.	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta				✓	✓
Elaine Butler, Uas	Fóram Oibrithe Oideachais ar Dhrugaí				✓	
Anna May Harkin, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí					✓
Dr Íde Delargy	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann					✓
Frances Nangle-Connor, Uas.	Seirbhís Phríosúin na hÉireann					✓

Aguisín a Trí

GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA NÉILEAMH AR AN GCCND FAOIN STRAITÉIS NÁISIÚNTA DRUGAÍ

Sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008, iarradh ar an gCCND tabhairt faoi na gníomhartha seo a leanas.

98 Staidéir a dhéanamh ar an mí-úsáid drugaí i measc na ngrúpaí aitheanta atá i mbaol m.sh. an Lucht Siúil, striapacha, daoine gan dídean, daoine a fhágann an scoil go luath srl. lena n-áirítear sonraí ar na grúpaí seo a dhí-leithscaradh. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn teacht ar an bpointe ar fhaisnéis ábhartha staitistiúil ag na daoine aonair agus na grúpaí is mó a dtéann mí-úsáid drugaí i bhfeidhm orthu agus acu siúd a bhíonn i mbun oibre chun mí-úsáid drugaí a laghdú, a chóireáil agus a chosc.

99 Staidéir bhreise ar thorthaí a choimisiúnú, laistigh de shuíomh na hÉireann, chun tionchar reatha na cóireála meatadóin, ar shláinte an duine aonair agus ar iompar a sháraíonn an dlí, a dhéanamh amach. Ba chóir go mbeadh staidéir den sórt sin ina n-uirlis thábhachtach agus luach fadtéarmach na cóireála seo á dhéanamh amach.

100 Taighde a dhéanamh ar éifeachtacht na sásraí nua chun a mhinice is a roinntear trealaimh a laghdú, m.sh. steallairí neamh-inathúsáidte, áiseanna so-ghluaiste chun steallairí a mhalartú srl., chun an fheidhm, a d'fhéadfaí a bhaint as roghanna nua laistigh de chohóirt áirithe den daonra úsaide drugaí, a dhéanamh amach .i. i measc mí-úsáideoirí drugaí atá níos óige, laistigh de phríosúin srl.